Research Repository UCD

Title	Seachadadh Cath Cluana Tarbh sna lámhscríbhinní
Authors(s)	Ní Úrdail, Meidhbhín
Publication date	2004-04
Publication information	Ní Úrdail, Meidhbhín. "Seachadadh Cath Cluana Tarbh sna lámhscríbhinní" 34 (April, 2004).
Publisher	An Sagart
Item record/more information	http://hdl.handle.net/10197/9803

Downloaded 2024-03-28T04:02:09Z

The UCD community has made this article openly available. Please share how this access benefits you. Your story matters! (@ucd_oa)

© Some rights reserved. For more information

Published in *Léachtaí Cholm Cille* 34 (2004), 179–215

Seachadadh *Cath Cluana Tarbh* sna Lámhscríbhinní

MEIDHBHÍN NÍ ÚRDAIL

Is féidir a áiteamh go bhfuil *Cath Cluana Tarbh* (CCT) ar cheann desna scéalta próis is líonmhaire a cóipeáladh, b'fhéidir, i lámhscríbhinní déanacha na Gaeilge. In aiste réamhráidh a ghabhann lena eagrán de *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* ón mbliain 1857, cuirim i gcás, luaigh Standish H. O'Grady CCT i measc na scéalta próis a bhí 'popular and well known' i litríocht na Gaeilge.[1] Beagán fé bhun fiche bliain ina dhia' san, scríbh Proinsias Ó Catháin[2] aiste dar teideal 'Report on the present state of the Irish Language and literature in the Province of Munster'. D'áirimh an Cathánach ansúd go raibh CCT ar cheann desna scéalta ba choitianta a bhí á scaipeadh sa dara leath den naoú céad déag i lámhscríbhinní Gaeilge na Mumhan.[3] Tagann an fhianaise fé mar atá sí inniu againn leis an méid sin. Tá naoi is cheithre scór lámhscríbhinní tagaithe anuas slán chugainn ina bhfuil an scéal próis dar teideal CCT mar chuid dá n-abhair. Go deimhin, is ceart aon fhoinse amháin eile a áireamh anso chomh maith i.e. LS 27 a luaigh an Canónach Pádraig de Paor i measc na lámhscríbhinní Gaeilge a bhí ina sheilbh.[4] Tá an lámhscríbhinn úd ar iarraidh inniu ó chnósach an Phaoraigh, áfach, atá ar coimeád anois i leabharlann Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.[5]

San ochtú agus sa naoú céad déag a teaglamaíodh na lámhscríbhinní seo go léir go bhfuil fáil ar CCT mar scéal aonair iontu. Is í ARÉ LS 707 (23 H 18) a scríbh Liam (An Dúna) Mac Cairteáin sa tréimhse 1701–2 an lámhscríbhinn is luaithe atá tagaithe anuas chugainn.[6] Tá an chóip lámhscríbhinne is déanaí den scéal in uimhir 43691, lámhscríbhinn atá anois i seilbh Leabharlann Cuimhneacháin Falvey in Ollscoil Villanova, Pennsylvania; is é Tomás Ua Gríomhtha a bhreac í seo 'in the City of Lawrence and State of Massachusetts' sa bhliain 1890.[7] Fairis sin, teaglamaíodh cuntaisí Béarla i lámhscríbhinní ón dtréimhse idir 1811 agus 1853. Ina measc so tá trí cinn

[1] O'Grady (1857: 21).

[2] Maidir leis an gCathánach, feic Nic Fhachtna (1940: 278–9); cf. Freeman (1922: 14).

[3] Tá an aiste seo in ARÉ LS 1126 (12 Q 13), lgh 98–126, sínithe 'Próinsias ó Catháin, Francis Keane, 29 North Frederick Street' (lch 126); luaitear CCT ar lch 103. Cnósach de cheithre aistí ar fad atá sa lámhscríbhinn féin: dhá aiste ar staid na Gaeilge sa Mhumhain, aon aiste amháin ar an nGaeilge i gConnachtaibh, agus aiste ar staid na teangan in Ultaibh. Bhí na trí aistí tosaigh istigh ar chomórtas a d'fhógair Acadamh Ríoga na hÉireann, 1873–4, agus baineann an ceathrú aiste le comórtas 1874–6; feic Ní Úrdail (1996); cf. Ó Macháin (2001: 88).

[4] D'áitimh an t-údar (Power 1904–5: 729) go raibh an chóip seo 'in handwriting, presumably, of John Browne, of Waterford; incomplete, 24 pp.'. Mar leis an gCanónach de Paor (*ob.* 1951), Ollamh le Seandálaíocht i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, feic fógra a bháis in *Cork University Record* 23 (Nollaig 1951: 10).

[5] de Brún (1988: 87, § 405). Tá sé i gceist clár nua a dhéanamh de lámhscríbhinní an Phaoraigh; cf. Ó Conchúir (1991: ix).

[6] Cé gur lámhscríbhinn inti féin anois ARÉ LS 707 (RIA Cat.: 2143–6), ba chuid í de leabhar eile tráth maraon le LNÉ G 113–4 (NLI Cat. III: 128). Maidir le Liam an Dúna agus a chuid lámhscríbhinní feic Ó Conchúir (1982: 17–9).

[7] Chuir Ua Gríomhtha clabhsúr ar a chóip de CCT, lgh 186–96, ar 4 Márta 1890. Is cosúil gur timpeall na bliana 1847 a thug an scríobhaí seo na lámhscríbhinní sa bhailiúchán féin (aon cheann déag ar fad acu) go dtí na Stáit Aontaithe; cf Ó Lochlainn (1931).

d'aistriúcháin Bhéarla ar an scéal próis, maraon le dhá achoimire as Béarla ar ar tharla sa chath i gCluain Tarbh agus aistriúchán Béarla ar an gcuid sin de *Foras Feasa ar Éirinn* a chuireann síos ar na nithe a luathaigh leis an gcath féin.[8] Foilsíodh, leis, leagan de CCT a 'd'aithris ughdar éigin' in *Irisleabhar na Gaedhilge*.[9]

Is ó Chúige Mumhan d'fhormhór mór na lámhscríbhinní Gaeilge ina bhfuil CCT. I gCorcaigh a teaglamaíodh an líon is mó acu, ach gur chuir scríobhaithe i Luimne, sa Chlár agus i gCiarraí, agus sa líomatáiste tíre ar theorainn Phort Láirge agus Thiobraid Árann cóipeanna de CCT ar fáil chomh maith. Maidir le Cúige Laighean, baineann dhá lámhscríbhinn le Cill Chainnigh. Tá foinsí againn ó Bhaile Átha Cliath chomh maith, ní hamháin ó scríobhaithe go raibh baint acu leis an gciorcal léinn a chruinnigh Seán Ó Neachtain (*ob*. 1729) agus a mhac, Tadhg (*ob*. *ca* 1752), le chéile i dtús na hochtú haoise déag,[10] ach ó scríobhaithe go raibh éileamh orthu sa naoú haois déag i measc lucht ársaíochta a chuir suim in abhar dúchais Gaeilge. Ag féachaint dúinn, más ea, ar na háiteanna go léir inar teaglamaíodh na foinsí seo, an-mhéar ar eolas is ea iad ar an gcúlra tíreolaíoch a bhain tríd is tríd le saothrú agus le seachadadh lámhscríbhinní in Éirinn san ochtú agus sa naoú céad déag.

Dá éagmais sin, is dóigh liom go bhféadfaí labhairt, leis, ar *diaspora* na bhfoinsí atá ag CCT. Tá aon lámhscríbhinn amháin, cuirim i gcás, ó Phádraig Ó Dálaigh (fl. 1849) a chuir sé le chéile timpeall na bliana 1849 'a Sagsana an Bhearla'.[11] Ach ní mór dul go Meirice siar ar thóir fhoinsí eile. Luadh anois beag lámhscríbhinn Thomáis Uí Ghríomhtha a scríobhadh i gCathair Labhráis, Massachussets — léiríonn sí seo an pháirt a bhí ag an nGríomhthach i saothrú léann na Gaeilge i Meirice sa naoú céad déag.[12] Ní miste é a áireamh, go deimhin, i measc scoláirí eile dá shórt a bhí ag saothrú na Gaeilge ag an am: Pádraig Phiarais Cúndún (1777–1857) ó Cho. Chorcaí, an Gaillmheach Mícheál Ó Lócháin al. 'Gael' (1836–99), eagarthóir *An Gaodhal*, Pádraig Feiritéar al. 'An Síogaí Iniúchtach' (1856–1924) ó Chorca Dhuibhne, Pádraig Ó Beirn (1857–1927) ó Ghleann Cholm Cille, agus Mícheál Ó Broin (1848/9–1928) ó Phort Láirge.[13] Díol suime, leis, measaim, is ea cnósach lámhscríbhinní Gaeilge Ollscoil Wisconsin-Madison a bhí tráth dá raibh ina sheilbh ag an Mícheál Ó Broin seo, fear a bhí an-ghníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge i Nua Eabhrac anuas go dtína bhás sa bhliain 1928.[14] Tá trí cinn de théacsaí dar teideal CCT sa bhailiúchán so agus foilsíodh ceann acu san *Irish-American*, i mí na Márta 1881.[15] A fhaid ar a ghiorracht, mar sin, teaglamaíodh foinsí an scéil dar teideal CCT i líomatáiste leathan anso in Éirinn, rud a thaispeáineann go raibh gréasáin éagsúla coidrimh ann i measc scríobhaithe na tréimhse iarchlasaicí. Agus leanadh den

[8] ARÉ LS 524 (23 E 4), lgh 47–113, LS 525 (23 E 5), lgh 2–79, agus LS 983 (24 M 13), lgh [61]–[66]; Ollscoil na hÉireann Gaillimh LS de hÍde 21, lgh 1–77 agus Leabharlann John Rylands Manchain LS 67, ff. [10r]–[34r]; ARÉ LS 1096 (3 C 8) cuid iv, lgh 9, 9a–9e.

[9] Mac Neill (1896–7). Sampla de leagan A atá sa téacs féin, leagan a pléifear thíos; cf. nóta 79 anso.

[10] Risk (1975), Harrison (1988), Ní Shéaghdha (1989).

[11] Tá tagairt ar lch 72 de LNÉ LS G 122 don log scríofa so agus tá cóip neamhiomlán de CCT ar lgh 197–200. Mar leis an Dálach, ó Ghleannúir an Aonaigh, Co. Chorcaí, feic Ó Conchúir (1982: 59–60).

[12] Supra n. 7.

[13] Tá trácht ar obair na scoláirí seo in Ó hAnnracháin (1979); cf. Ó Sé (1970) mar a bhfuil eolas breise ar Phádraig Feirtéar.

[14] Buttimer (1989: 2–3); Nilsen (1991).

[15] Tá dhá théacs in Ollscoil Wisconsin-Madison LS 175(a), lgh 1–7 agus lgh 93–120, agus aon téacs amháin in Ollscoil Wisconsin-Madison LS 178(b), lgh 157–75; cf. Buttimer (1989: 17–20, 25–8). Is é téacs na dara lámhscríbhinne anso a foilsíodh (Nilsen 1991: 117).

dteaglamú lasmuigh den dtír chomh maith. Go deimhin, díríonn na foinsí atá ar sábháil inniu i Meirice aird ar a raibh ar siúl sa tír sin ar mhaithe le cur chun cinn an chultúir Ghaelaigh ó dheireadh na naoú haoise déag agus isteach sa bhfichiú haois.

Luadh thuas go bhfuil hocht is cheithre fichid lámhscríbhinn ar fáil anois go bhfuil cuntas dar teideal CCT iontu, ach is gá iniúchadh níos mine a dhéanamh ar an méid sin ag an bpointe seo. Nuair a scrúdaítear na foinsí aonair, is follas go bhfuil cheithre cinn de théacsaí dar teideal CCT ná fuil aon bhaint ag a n-abhar leis an scéal próis atá fé chaibideal anso. Sleachta as *Foras Feasa ar Éirinn* atá i dhá cheann acu, mar atá: téacs LNÉ LS G 987 a bhreac an Cláiríneach Conchubhar Ó Riain sa bhliain 1823[16] agus téacs ARÉ LS 1175 (24 C 45) a scríbh Maurice Lenihan i Luimne sa bhliain 1867.[17] Níl aon amhras, fé mar a chífear ar ball anso, ná go raibh anál nach beag ag saothar Chéitinn ar sheachadadh an scéil aonair agus, go deimhin, gur baineadh sleachta as FFÉ a cuireadh le corp an scéil. Sleachta as FFÉ amháin, áfach, atá sa dá chuntas so, rud nach léir ósna teidil atá orthu.[18] Scríbh Seaghan Luighsiad (al. Luisead) agus Tomás Ó Síothcháin cuntas dar teideal CCT atá anois in ARÉ LS 1131 (23 O 51) agus in Ollscoil Wisconsin-Madison LS 175(a), fá seach.[19] Cuntas taibhseach is ea é, dá ghiorracht féin é, ina luaitear conas mar a shaoraigh Brian Bóraimhe Ceallachán Chaisil ó ghéibhinn na Lochlannach i mBaile Átha Cliath, an cath i gCluain Tarbh a lean an gníomh so Bhriain, agus na laochra a thuit sa chath. Bíodh is go bhfuil blas na rómánsúlachta air, téacs eile ar fad is ea é nach ionann in aon chor é agus an scéal próis CCT. Cuireann na ceithre foinsí seo i bhfáth orainn, is fíor, a thábhachtaí atá sé téacs aonair a iniúchadh mar go bhféadfadh an teideal céanna a bheith ar abhar éagsúil, rud nár shoiléir i gcónaí in innéacs lámhscríbhinní.

COGAD GÁEDHEL RE GALLAIB AGUS FORAS FEASA AR ÉIRINN:

In aon áireamh in aon chor ar an dtraidisiún as a dtáinig an scéal aonair dar teideal CCT, ní mór tosnú i dtréimhse na Meán-Ghaeilge le *Cogad Gáedhel re Gallaib* (CGG), téacs bolscaireachta ar son Bhrianaigh Dhál gCais a teaglamaíodh, is cosúil, i mblianta tosaigh na dara haoise déag.[20] Tá an dara cuid den saothar so (i.e. ó chaibideal 35 in eagrán Todd) gafa go hiomlán le héachtaí na Mumhan i gcoinnibh na nGall, agus go háirithe le

---

[16] LS 3 i mbailiúchán Inse Uí Chuinn ab ea an lámhscríbhinn seo tráth. Tá an téacs féin ar lgh 23–42 agus deir an scríobhaí sa cholafan gur 'ó Abain ua Gccearrna' i.e. Droichead Abhann Ó gCearnaigh do.

[17] Ff. [1r]–[5r]; feic RIA Cat.: 3163–4 mar a bhfuil cur síos ar an lámhscríbhinn seo. B'ó Phort Láirge don Luineachánach ó dhúchas, ach chaith sé formhór a shaoil ag obair mar iriseoir i Luimne. Toghadh ina mhéara ar an gcathair é sa bhliain 1884 agus d'éag sé sa bhliain 1895; cf. Ó Madagáin (1974: 66–7).

[18] Is ionann an cuntas i LNÉ LS G 987 agus FFÉ III: 256.4033–286.4484, agus is é teideal a cuireadh leis i scríbhinn atá deifreach le scríbhinn Uí Riain ná 'The battle of Clontarf + death of Brian Boroimhe'. Is ionann an cuntas dar teideal 'Cíos Cháin Bhriain Bhoraimhe agus Cath Chluana Tarbh anso' in ARÉ LS 1175 (24 C 45) agus FFÉ III: 264.4163–276.4348.

[19] ARÉ LS 1131 (23 O 51), cuid iii, lgh 23–6; cf. RIA Cat.: 3086. Bhain Ó Síothcháin a chóip in Ollscoil Wisconsin-Madison LS 175(a), lgh 1–7 (luaite i nóta 15 thuas) 'as luarr do louribh an puiríos', uair éigin idir 1817 agus 1823; cf. Buttimer (1989: 17). Tá seans ann gur ó Chiarraí thuaidh don Seaghan Luighsiad thuasluaite: deir an tOllamh Pádraig de Brún liom gur tháinig sé ar sheanchas éideimhin faoi 'Jack Lucid', scoláire mór ó pharóiste Chill Lúraigh nó ó pharóiste Bhaile Uí Thaidhg. B'ó Luimne, is cosúil, do Thomás Ó Síothcháin (Buttimer 1989: 11).

[20] In eagar ag Todd (1867); tá eagrán nua á réiteach i láthair na huaire ag an Dr Máire Ní Mhaonaigh do Chumann na Sgríbheann nGaedhilge. Cé gur féidir teanga an téacsa a shuíomh idir 1050 agus 1150, thaispeáin Ní Mhaonaigh in alt meáite (1995) go mbaineann tagairtí inmheánacha stairiúla CGG leis na blianta 1103 agus 1113 nuair a bhí Muircheartach Ó Briain (*ob.* 1119) fós i réim mar ardrí Éireann (1086–114); cf. Ní Mhaonaigh (1992: 136–7, 145).

gníomhartha gaisce Dhál gCais i gcoinnibh a naimhde. Lámhscríbhinn ón gceathrú céad déag, de dhealramh, an fhoinse is luaithe atá ar fáil don chuid seo den saothar.[21] Cuirtear Brian Bóraimhe, an ceannaire *par excellence* a ghoibh chuige féin Ardríocht Éireann, i láthair anso i dteangain bhladhmannach, thaibhseach. Is cuma nó scéal rómánsaíochta stíl na hinste ann:

> In character it differs widely from the Annals, for it is not a simple record of events, but a romantic tale, in which heroes shine and villains play their sinister parts and dramatic incidents are invented or exaggerated for the benefit of the reading public, all the while the interests of the Dál Chais are kept well before the writer's mind.[22]

Cuireadh breis drámatúlachta fós le heachtraí áirithe i CGG i gcorp an scéil próis dar teideal CCT, eachtraí a bhain le Dubhlang Ó hArtagáin, le hAoibheall na Craige Léithe, síbhean chosanta Dhál gCais, agus le Murchadh mac Briain Bhóraimhe.[23]

Díol fé leith suime is ea an cuntas réamhráidh a cuirtear leis an gcoimheascar i gCluain Tarbh féin toisc go dtugann CGG páirt nach beag do Ghormlaith (*ob.* 1030), bean Bhriain Bhóraimhe agus iníon Mhurchadha, rí Laighean.[24] Oibríonn Gormlaith ar mhóráil a dearthár, Maol Mórdha mac Murchadha, atá ar cuairt i gCeann Choradh, agus áitíonn sí air gan umhlú do cheannas Bhriain agus Dhál gCais, ag léiriú do ina ionad san an íde is ceart d'fhir Laighean a thabhairt ar Dhál gCais.[25] Is é an rud is mó a luathaigh leis an dteannas idir Laighin agus Dál gCais de réir CGG, áfach, ná an argóint a tharla an mhaidean dar gcionn idir Mhaol Mórdha agus Murchadh mac Briain i gCeann Choradh. Bhíothas réidh chun catha, mar sin, nuair a d'fhág Maol Mórdha an ball, é maslaithe agus fonn air an masla so a dhíoghalt ar Dhál gCais le cabhair na Lochlannach.[26]

An téacs tábhachtach próis ó thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche, *Foras Feasa ar Éirinn* (FFÉ), is léir go raibh an cur síos ann ar imeachta Chluana Tarbh fé anáil CGG. Tráchtann Seathrún Céitinn ar ar tharla i gCluain Tarbh i leabhar a dó den saothar so. Ionraí éagsúla Lochlannacha ón naoú haois anuas go dtí AD 1022, an bhliain a cailleadh Maoilseachlainn Mór mac Domhnaill, is cás le Céitinn sa chuid seo dá thuairisc. Is léir tionchar láidir CGG ar an gcuid sin den chuntas i FFÉ a chuireann síos ar réimeas Bhriain Bhóraimhe ó AD 1002 go dtí éirí amach Laighean ina choinnibh sa bhliain 1013.[27] Go deimhin, thug Céitinn 'suim aithghearr' ar an gcuid seo dá thráchtas staire a bhí 'do réir an leabhair da ngairthear cogadh Gall ré Gaedhealaibh'.[28] Tá an cur síos ó Chéitinn ar an gcath féin tur go leor, áfach: áiríonn sé laochra an dá thaobh a tháinig chun troda agus iadsan a thuit sa choimheascar. Níl páirt fé leith ag Murchadh in imeachta an chatha,

[21] Coláiste na Tríonóide LS 1319 (H.2.17), cuid ii, lgh 351–97 = leagan D. Tá cur síos ar an lámhscríbhinn féin in Abbott, Gwynn (1921: 110–16); cf. an achoimre ar thraidisiún lámhscríbhinní CGG in Ní Mhaonaigh (1992: 138–40).
[22] John Ryan (1938: 3).
[23] Feic thíos 'Roinnt téamaí liteartha i CCT'.
[24] Mar leis an abhar sa Mheán- agus sa Nua-Ghaeilge Mhoch a bhaineann le Gormlaith, feic Ní Mhaonaigh (2002: 18–24).
[25] Todd (1867: 142.1–20); cf. Ní Mhaonaigh (2002: 20–1).
[26] Todd (1867: 142.21–148.15).
[27] Feic Todd (1867: 134.7–140) agus FFÉ III: 254.4013–262.4141; Todd (1867: 142.1–146.20) agus FFÉ III: 266.4193–272.2.
[28] FFÉ III: 156. 2467–9.

cuirim i gcás, ná ní mó ná san atá aon trácht ar an gcuairt a thug a sheanchara, Dubhlang Ó hArtagáin, agus a leannán sí, Aoibheall, ar pháirc an chatha i gCluain Tarbh.

Tá, ar a shon san, áfach, nithe fé leith a bhuanaigh Céitinn sa traidisiún seachadta, ina measc san, mar shampla, AD 1034, mar dháta an chatha i gCluain Tarbh.[29] Nuair a luaitear dáta an chatha sna lámhscríbhinní ón ochtú agus ón naoú céad déag, tugtar AD 1034 níos minicí ná AD 1014 iontu agus is cosúil gurbh é FFÉ ba bhun le leathadh an dáta san sa traidisiún déanach. An 'seanchaidh' anaithnid a luaigh Céitinn mar údar leis an dátaíocht a shuímh an cath i dtríochaidí groda an aonú céad déag, ní foláir nó ba é Marianus Scotus (Móel Brigte) é:[30] sa treas leabhar den *Chronicon* deirtear gur cailleadh Brian Bóraimhe 'rex Hiberniae' sa bhliain 1036.[31] Tá's againn, ina theannta san, go raibh croinic Scotus mar fhoinse ag Céitinn agus é i mbun teaglama toisc go bhfuil dhá thagairt don *Chronicon* in FFÉ.[32]

Más tur linn an cuntas ar an gcath féin i gcomhnaird don scéal aonair fé mar atá sé tagaithe anuas chugainn i lámhscríbhinní iarchlasaiceacha, measaim gur bláfar an cur síos atá ag Céitinn ar ar thárla díreach roimis an gcath agus ina dhiaidh. Go deimhin, tá impleachtaí ag na codacha so de FFÉ do sheachadadh an scéil aonair san ochtú agus sa naoú haois déag. Bhain Céitinn casadh fé leith, cuirim i gcás, as an eachtra réamhráidh a tharla i gCeann Choradh díreach roimis an gcath fé mar a tugadh é i CGG:[33] drochbhean mhíthaitneamhach ab ea an Gormlaith úd sa chuntas ag Céitinn chomh maith, ach bean ab ea í gur chuaigh a cuid focal i bhfeidhm go héifeachtach ar a deartháir, sa tslí is gur chuimhnimh sé orthu nuair a d'éirigh idir é agus Murchadh mac Briain an lá dar gcionn agus cluiche fichille acu á imirt.[34] Tugtar an cuntas réamhráidh seo Chéitinn go cruinn díreach (focal ar fhocal go minic) i leagan A de CCT, leagan a pléifear ar ball anso. Murab ionann is CGG, mar sin, ba thrúig oilc í an Gormlaith a léirítear níos déanaí sa traidisiún seachadta toisc gurb í siúd ba chúis leis an gcath a bhriseadh amach an chéad lá. Chífear ar ball gur dócha gurbh iad na tuiscintí ag Béarlóirí ar an eachtra stairiúil i gCluain Tarbh a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuid seo de chuntas Sheathrúin Chéitinn.

Maidir leis an gcur síos ar imeachta tar éis an chatha fé mar atáid in FFÉ, níl aon amhras ná gur ar Mhaoilseachlainn Mór mac Domhnaill, rí Midhe, a fhágann Céitinn an milleán, agus díríonn sé aghaidh a chaoraíochta air. Níl i CGG ach trácht gairid ar shocrú a bheith déanta ag Maoilseachlainn leis na Gaill an oíche roimis an gcath ná beadh páirt ghníomhach aige féin ar láthair an chatha.[35] Dhein gníomh ceilge den chuntas gairid i CGG níos déanaí sa traidisiún, áfach. Thóg Céitinn le binib mhíchuíosach ar an gcuid seo de CGG, mar shampla, sa mhéid is gur aonad tábhachtach den chur síos in FFÉ é. Sa tsaothar úd, cuirtear Maoilseachlainn i láthair agus é ag tabhairt óráide uaidh mar gheall

[29] 'Aois an Tighearna an tan tugadh an cath-so Chluana Tarbh 1034 bliadhna, an aoine ria gCáisc' (FFÉ III: 276.4333–4).
[30] Flower (1926: 403); cf. Goedheer (1938: 65). Maidir le dátaíocht Chéitinn, feic FFÉ III: 276.4333–40.
[31] Waitz (1844: 555); cf. Mac Carthy (1892: 8).
[32] FFÉ II: 16.244–5, 376.5864–5; cf. Cronin (1943–4: 276).
[33] Supra n. 25.
[34] 'Acht cheana fá cuimhin lé Maolmórd[h]a comhrádh na ríoghna' (FFÉ III: 268.4215–6); cf. Ní Mhaonaigh (2002: 21).
[35] Todd (1867: 168.11–7). Ní miste a lua anso gur fágadh an chuid seo den chuntas ar lár i leagan B de CGG, téacs atá anois i Bibliothèque Royale na Bruiséile LS 2569–72 (ff. 103r–34v) a scríbh Míchéal Ó Cléirigh i nDún na nGall sa bhliain 1635.

ar na huafáis a chonaic sé nuair a bhí an cath in airde a láin.[36] Deir sé ná raibh ach 'gort branair is cloidh' á scarúint ósna himeachta, ach fós gur mheasa dó féin mar fhinné súl ar an imeall é ná don lucht troda. Tugann Céitinn an dianbhreithiúntas so a leanas mar chlabhsúr ar óráid Mhaoilseachlainn:

> Féach, a léaghthóir, bíodh gurab ar sluagh Briain do bhí Maoilseachlainn is fir Mhidhe ag teacht go láthair an chatha, maseadh do bhí do cheilg idir sé féin is Lochlonnaigh nach táinig san ordughadh i measc shluagh Briain, acht is eadh do rinne é féin is a shluagh d'anmhain do leathtaoibh an chatha, amhail ro orduigheadar Lochlonnaigh dó.[37]

Feillbheart a bhí i ngníomh rí Midhe, gan amhras, dar leis an staraí Muimhneach. Ba chuid den cheilg, dar leis, gur fhan Maoilseachlainn lena chamthaí ar an imeall ag faire ar an gcath. An tuiscint seo a bhí go láidir ag Céitinn, lean sí den dtraidisiún téascúil déanach — cuid thábhachtach de CCT is ea tuairisc Mhaoilseachlainn ar na huafáis a chonaic sé ar leataoibh an chatha. Fairis sin, faightear clabhsúr binibeach Chéitinn féin ar óráid Mhaoilseachlainn i gcóipeanna áirithe de CCT chomh maith. Go deimhin, ní hamháin gur gheall Maoilseachlainn go dtréigfeadh sé an cath, ach tagraíonn cuntas CCT don scéala a chuir sé fé rún chun an namhad an oíche roimis an gcath á rá gur cheart an deis chun troda a thapú an lá dar gcionn i gcoinnibh Bhriain. Dlúthchuid d'abhar an scéil dhéanaigh é aird a tharrac ar chealg Mhaoilseachlainnm, más ea, agus is cosúil gur in FFÉ a bhí a bhunús.

Díol suime is ea é gur mhúscail saothar Chéitinn dílseacht phearsanta áirithe i measc a chomhMhuimhneach. Dírítear aird an léitheora go neamhbhalbh ar 'an cheilg sin do bhí ag Leith Chuinn chum Muimhneach', mar shampla, ráiteas go bhfuil a bhunús i lámhscríbhinní an Chláir, 1779–90,[38] agus a buanaíodh i gcóipeanna áirithe de leagan A (a pléifear thíos). Níorbh fholáir leis an gCláiríneach, Diarmuid Ó Maolchaoine, an pointe a thiomáint abhaile nuair a chuir sé an méid seo i bhfáth ar an léitheoir mar chlabhsúr ar a chóip féin de CCT ón mbliain 1787:

> … agus bíodh a fhios agad air gcéadhna gurbho tré fheall agus chum fealla air Bhrían Bhóirbhe mac Cinnéide chum teacht asteach ionna Árd Rígh Ēirionn do rinne Maoilseachluinn mór agus fir Mhídhe an tar[r]ang úd as Cath Chluana Tairbh tarsna Guirt béatála agus claíphe, agus asíad do thug túarusgabháil úatha 7 dob é a mían lingneamh uim thráthnóna air a mbíodh beó do chaithibh Bhríain, Mhurchaidh, Thoirdhealbhaigh, Dhubhlainn agus Dháil gCais, agus a mbīodh beó díobh do mharbhadh air an láithir sin, ag sin Cath Chluana Tairbh.[39]

---

[36] FFÉ III: 284.4450–284.4473.
[37] FFÉ III: 284.4474–286.4479.
[38] Coláiste na Tríonóide LS 1414 (H.6.10), lch 182, ARÉ LS 246 (24 C 14), lch 6, ARÉ LS 482 (23 K 43), lch 206.
[39] ARÉ LS 246 (24 C 14), lgh 27–8; cf. RIA Cat.: 615–6 mar a bhfuil cur síos ar an lámhscríbhinn seo. Rugadh Diarmuid Ó Maolchaoine ar chóngar Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh (Leabharlann na Breataine LS Egerton 150, f. 353r), i gCaisleán Hannraoi (ARÉ LS 29 (23 L 24), lgh 273, 384) mar a bhfuil caisleán Ros Muineachair inniu. Tá aon cheann déag de lámhscríbhinní tagaithe anuas a scríbh sé féin nó i bpáirt le scríobhaithe eile sna blianta 1764–87, agus de réir na fianaise iontu chaith sé formhór a shaoil i Luimne. Táim buíoch d'Eilís Ní Dheá as an eolas so.

Agus is sia fós a chuaigh an scríobhaí aithnidiúil ó Phort Láirge, Risteard Paor, nuair a d'áitimh sé ina cholafan gurbh iad na Muimhnigh a dheimhneodh slánú na tíre ó dhaorsmacht:

> Ionnus gurab ē sin Catha [*sic*] Clúana Tarbh agus feáll Rígh Láighion agus Mhídhe do shiel [*leg.* shíl] Gaóidhail do thabhairt fa dhaórsmacht agus moghshaine Lochlanuig acht fóroír 'na dhíagh sin do-rin Mac Murchaidh Láighion 7 Laighionnachaibh sinn do thabhairt fá dhaór-smacht as tiocfaidh an lá iona mbeith rúagadh na Lochlanach aig Muimhneachaibh orra. Agus nár ba fada uatha é mar a bhfuil peacadh dham sin d'iarraidh. Críoch leis an mēid sin.[40]

Léiríonn an fhianaise théacsúil, más ea, gur bhuanaigh FFÉ drochpháirt Mhaoilseachlainn san eachtra stairiúil i gCluain Tarbh. Agus spreagadh braistintí logánta seachadóirí CCT, scríobhaithe Muimhneacha áirithe, sa tslí is go bhfaightear an ciúta pearsanta sleamhnaithe isteach ar uairibh uathu.[41]

AN STAIR THÉACSÚIL AS BÉARLA:

Ní miste tagairt ag an bpointe seo anois don múnlú liteartha a bhí á dhéanamh as Béarla ar chúiseanna an chatha féin mar is dóigh liom go bhfuil impleachtaí ag an múnlú so d'abhar an chuntais próis Gaeilge ar an gcath. Tá cuntas taibhseach dar teideal 'The Cause and the Field of Clontarf' ar marthain ón séú haois déag in 'The Book of Howth', lámhscríbhinn go bhfuil cur síos inti ar stair na hÉireann, go háirithe ar stair na nGall in Éirinn.[42] Ní haon an-ionadh é, is dócha, cur síos ar chath Chluana Tarbh a bheith mar chuid d'abhar na lámhscríbhinne seo.[43] Bhí sí tamall ar coimeád i gCaisleán Bhaile Átha Cliath sara bhfuair Sir George Carew (1555–1629) seilbh uirthi, agus tá sí anois ar caomhnú i dteannta dhocaiméadaí eile Carew sa leabharlann ardeaspagóideach i bpálás Lambeth.[44] Is léir ón mbailiúchán féin go raibh suim nár bheag ag Carew i bhfoinsí a bhain le stair na hÉireann agus, go deimhin, go raibh fáil aige ar fhoinsí dúchais na tíre. Tá, leis, an dara cóip ón séú haois déag den chuntas taibhseach céanna ar chúis an chatha i gColáiste na Tríonóide LS 842 (F.3.16), bailiúchán ilghnéitheach cáipéisí Laidine agus Béarla a bhaineann le hÉirinn.[45]

Sara dtráchtar in aon chor ar pháirc an chatha, tosnaíonn an téacs leis an mbunchúis as ar eascair an trioblóid ar fad. Is léir go raibh páirt nár bheag ag bean arís sa ghnó so agus, fé mar a bhí sna cuntaisí réamhráidh leis an gcath i CGG agus ina dhiaidh san ag Céitinn in FFÉ, bhí páirt láir ag Murchadh mac Briain san eachtra a luathaigh leis an gcoimhlint. Go deimhin, ar chuma Mhaoil Mhórdha gur deineadh beithé i gCeann Choradh de agus a

[40] ARÉ LS 102 (23 L 5), lch 267; cf. an cur síos ar an lámhscríbhinn féin in RIA Cat.: 305–10. Maidir leis an scríobhaí seo agus a shaothar lámhscríbhinne, feic Ó Súilleabháin (1992: 293–5).

[41] Ní miste a áireamh gur spreagadh braistintí logánta Leath Cuinn chomh maith, gan dabht. Ina cháineadh ar thráchtas Chéitinn ó dheireadh an tseachtú céad déag, mar shampla, luaigh mac mic le Lughaidh Ó Cléirigh (é siúd a bhí rannpháirteach in 'Iomarbhágh na bhFileadh' agus a scríbh *Beatha Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill* idir na blianta 1616 agus 1636) an cur síos ar Mhaoilseachlainn i measc na n-earráidí ba mhó sa téacs; cf Ó Cuív (1965: 136).

[42] Brewer, Bullen (1871: 1–260).

[43] Ibid. 24–7.

[44] Ibid. xi; cf. M.R. James (1927) mar a bhfuil cur síos ar lámhscríbhinní Carew.

[45] Ff. 111v–112v (= ff. 119v–120v i mbunuimhriú na mbileog); tá cur síos ar an lámhscríbhinn seo in Abbott (1900: 139–40).

fhéach chuige go ndéanfaí an masla úd a dhíoghalt le cogadh a fhógairt ar Bhrianaigh Dhál gCais, is é an dála céanna ag an gceannaí fionn nó an 'white merchant' anso é:

> There was a merchant in Doubling called the White Merchant, and had a fair wife, and he, minding to travel in other realms for merchandise, came to Brene Borowe, then chief and principal King of Ireland, and desired the King to take the charge of his wife in his absence, for her beauty was such that he feared all men; which promised to do in his absence; and so the merchant departed. And while the merchant was in his merchandise, Morcke McBren Borow, the King's son, made suit to her, and wan her love, and lay with the merchant's wife. And by chance and fortune the merchant arrived after his long voyage in other realms with seven great ships upon the sudden at Pollbeyeg, by Doubling, in a great fog and mist, in the morning early, and so came to his house, and found the doors set, and did open these same secretly with a privy key, and found Morhewe McBrene in bed with his wife, and did nothing, and after a while paused, and saw them in arms, said nothing, but took the sword of Morhow, and put it in his scabbard, and put his own sword in Morhowes's scabbard, and so departed.[46]

Caithfear an masla a dhíoghalt, gan amhras, agus tar éis don cheannaí a ghearán a chur in úil do Bhrian Bóraimhe, cuireann sé fios láithreach ar a chamthaí ón Danmhairg. Tagann siad ar dtír 'at Clontarff, and there proclaimed a field, and after fought a terrible battle for all the forenoon'.[47] Leanann an cuntas leis an díothú féin i gCluain Tarbh agus cuirtear cúiseanna le gur buadh ar Bhrian Bóraimhe, ina measc an chúis áiféiseach gurbh fhearrde scil agus neart lucht na Danmhairge tacaíocht na Normannach (*sic*) a bheith ar fáil acu.

Is tábhachtach an cur síos réamhráidh é seo ar bhunchúis an chatha i gCluain Tarbh, dá thaibhsí féin é, mar go bhfuil sé ar an solaoid próis is luaithe is eol domsa atá tagaithe anuas chugainn, tar éis CGG, den múnlú liteartha atá déanta ar an eachtra stairiúil i gCluain Tarbh agus ar pháirt láir Mhurchaidh ann. Dá éagmais sin, níl an réamhrá leis an gcur síos ar an gcath féin ó 'The Book of Howth' neamhchosúil leis an bhfoscéal a gheibhtear sna scéalta rómánsaíochta a bhaineann le Dál gCais i.e. *Leigheas Coise Céin*, *Díthreabhach Ghlinne an Phéice* agus *Giolla an Fhiugha*.[48] Is í tóraíocht na mná a luathaíonn le drochnithe sna scéalta so ar fad. Is féidir a áireamh, mar sin, ar fhianaise an chuntais Bhéarla nach foláir nó bhí a leithéid de mhúnlú déanta fén séú céad déag ar an gcoinbhliocht idir Ghael is Gall i gCluain Tarbh. Fairis sin, is féidir a mheas, braithim, go dtugann an cuntas so léas léargais dúinn ar thuiscintí Bhéarlóirí sa tséú céad déag ar an eachtra stairiúil féin. Agus chuaigh anál na dtuiscintí seo ar an gcath fé thraidisiún seachadta na Gaeilge chomh maith, ní foláir.

Ós ag caint ar thuiscintí Bhéarlóirí atáthar, ní miste sa chomhthéacs so tagairt don *Chronicle of Ireland*, saothar a chuir Meredith Hanmer (1543–1604) i gcrích sa bhliain 1571, ach nár foilsíodh é go dtí an bhliain 1633.[49] Ag cur síos do ar ar tharla i gCluain Tarbh, mhaímh Hanmer:

---

[46] Brewer, Bullen (1871: 24–5).

[47] Ibid. 25.

[48] Thagair Alan Bruford (1969[2]: 134–46) na trí scéal so don 'Dalcassian Cycle' agus tá fáil orthu i bhfoinsí ón gcúigiú, ón seachtú agus ón naoú haois déag fá seach; cf. Ní Úrdail (1993: 194–7).

[49] D'fhoilsigh James Ware saothar Hanmer sa bhliain sin in *The historie of Ireland*, *collected by three learned authors*. Foilsíodh an *Chronicle of Ireland collected by Meredith Hanmer*, *Doctor of Divinity*, *In the Yeare 1571* arís sa bhliain 1809 in *Ancient Irish histories*: *the works of Spencer*, *Campion*, *Hanmer and Marleburrough* II, 1–410. Eagrán nua de shaothar Ware i dhá imleabhar ab ea eagrán na bliana 1809.

> The fight was desparate, the field all bloud, a horse (they say) was sometime to his belly in bloud. There was slaine that day of the one side, *Brian* the Monarch, and his sonne *Murchard*; of the other side, *Moilmordha* King of Leinster, *Rodericke* the Arch-Pirate, and Captaine of the strangers, with others, of both sides innumerable. *Sutrick* was sore wounded, was brought to Dublin, and shortly after died of his wound. I pray thee gentle Reader, who got by the bargaine? As farre as ever I could learne, a woman set them together by the eares.
> The *Book of Houth*, after Irish observation, delivereth the story thus.[50]

Is léir ón sliocht so gur bhain Hanmer úsáid as 'The Book of Howth' ina chuntas staire.[51] Is mó de dhrámatúlacht ar uairibh, áfach, atá san achoimre aige ar a raibh in 'The Book of Howth'. Gabhfar leor anso le haon sliocht amháin a léiríonn a bhfuil i gceist anso, sliocht ina gcuireann Hanmer síos ar ar tharla nuair a chuaigh an ceannaí ag gearán a cháis go dtí Brian Bóraimhe tar éis do a bhean a fháil sa leaba le Murchadh:

> Hee [the white merchant] went to the King, and complained of the abuse here spoken of; the King answered, 'He is my sonne, give thou iudgement upon him; *saith the Merchant*, let him keepe the whore still, I will be revenged upon him and his partakers in the field, as soone as possibly may be, and I doubt not but all Ireland shall rue the day of this villanie. Immediately he went to Denmarke, brought over to his aide, thirty thousand Danes and Norwegians, landed at Clantarfe, whereof the field was called the field of Clantarfe;[52]

Cuid de stair théacsúil CCT is ea a bhfuil ag Hanmer chomh maith céanna lena a bhfuil in 'The Book of Howth'. Bhí Hanmer ar dhuine desna húdair gur thagair Seathrún Céitinn go minic do ina chuntas staire féin — go deimhin, is iad na tagairtí d'eagrán foilsithe an *Chronicle of Ireland* ón mbliain 1633 a chuireann dáta achomair le FFÉ.[53] Dá réir sin, is féidir a mheas gur dócha gur fhág saothar Hanmer a rian ar Chéitinn nuair a scríbh sé mar gheall ar pháirt Ghormlaith i luathú na drochrudaí sa dara leabhar de FFÉ.[54] Fé mar a léiríodh ar ball beag, nuair a tugtar an cur síos réamhráidh sa téacs dar teideal CCT, is ó Chéitinn atá sé ag teacht.

ROINNT TÉAMAÍ LITEARTHA I CCT:

Is follas gur mó den draíocht agus den imigéinúlacht atá sa chur síos ar an eachtra stairiúil ó Hanmer agus ó chuntas 'The Book of Howth', agus amhlaidh a lean an láimhseáil sin ar an abhar isteach sa tréimhse iarchlasaiceach. Más le pearsain stairiúla agus le heachtra stairiúil i gCluain Tarbh atá corp an scéil aonair gafa, is dóigh liom mar sin féin go bhféadfaí CCT a shuíomh i measc na scéalta rómánsúla eile — *Leigheas*

[50] Ware (1809: 182–3).
[51] Léirigh Ó Briain (1999: 70–1) gurbh amhlaidh a bhí chomh maith i gcás chuntas Hanmer ar an bhFiannaíocht.
[52] Ware (1809: 183–4).
[53] Cronin (1943–4: 245–50).
[54] Díol suime is ea é, go deimhin, gur lean an tuiscint sin go dtí le déanaí: dar le Ryan (1967: 363), cuirim i gcás, ba ar Ghormlaith — 'this sharp, irreconcilable woman [who] was in a position to do untold mischief' — an milleán gur éirigh fir Laighean amach — 'nagged into irresponsible fury by a woman's tongue' — i gcoinnibh Dhál gCais; cf. Gormlaith an Athar Peadar i *Niamh* (1910[2]: 230–3).

Coise Céin, *Díthreabhach Ghlinne an Phéice*, *Giolla an Fhiugha* — a bhaineann le sraith Dhál gCais.[55]

Tá níos mó tábhachta ag an draíocht agus ag an osnádúir sa láimhseáil a deintear i gcorp an scéil ar nithe go bhfuil a mbunús le fáil i CGG. Tráchtar sa tsaothar Meán-Ghaeilge, mar shampla, ar chuairt ó Dhubhlang Ó hArtagáin ar láthair an chatha ó dhomhan an aosa sí. Is mar phearsa osnádúrtha a fhilleann sé ar Chluain Tarbh agus tá Murchadh ar an éinne amháin a aithníonn a sheanchara.[56] Is mó de theangmháil dhraíochta an chuairt seo i CCT, áfach, mar a thaispeáineann an sliocht thíos ón bhfoinse is luaithe dá bhfuil againn, i.e. ó lámhscríbhinn Liam (An Dúna) Mhic Cairteáin:

> As í sin uair 7 aimsir tárla Dúbhlaing Ó hArtagáin (.i. síoguídhe do bhí do charaid ag Murchadh) ar an magh ós cionn an chatha 7 é fá dhíomdha ó Rígh Éireann ré cian d'aimsir roimhe sin. Tárla a leannán lánchómhachtach ina fhochair ann .i. Aoibhiol[l] Chraige Léithe 7 do chuir an féig fia ós a chionn mar nár fhaomh anmhuin aice 7 ro íonnsaig tiugh an tsluaigh Lochlonnaic áit a raibh Murchadh ag cur an áir 7 bá hádhbhal a chómhlann ar rochtuin ar ghualainn Mhurchaidh dhó. As ann sin adubhairt Murchadh ag féachuin ina thímpchioll ar gach leath 'dar liom', ar sé, 'ad chluinim fuaim 7 fothrom bhuilleadha Dhúbhluing Í Artagáin 7 ní fhaicim é féin'. 'As cúis dhamhsa' (ar Dúbhluing ag teilgion an bhruit de) 'nách bia an díon sin ar mo chorpsa go bráth do bheanfadh a radharc díot 7 tréig do chómhlann gus ttrasda 7 ionnsuígheam an magh ara bhfuil Aoibhiol[l] ós cionn an chatha 7 do gheabham sgéala iomdha uaithe'.[57]

Leanann cómhrá véarsaíochta idir Aoibheall na Craige Léithe, Murchadh agus Dubhlang, agus impíonn an tsíbhean ar Dhubhlang gan domhan na sí a fhágaint agus dul i gcabhair ar Mhurchadh. Fógraíonn sí na drochnithe a thárlóidh sa chath, á thuar '[go d]tuitfidh Murchadh is tuitfidh Brian is tuitfid uile ar aon-rian'.[58] D'fhógair an tsíbhean bás Bhriain Bhóraimhe i CGG chomh maith, ach tagairt chliathánach di ó Bhrian féin atá sa tsaothar Meán-Ghaeilge úd.[59] Pearsa láir í Aoibheall mar sprid chosanta Dhál gCais, áfach, sa scéal próis déanach agus tá tábhacht, dá réir, leis an dtairngreacht uaithi.

Cuireann an tagairt thuas don 'bhféig fia' i.e. an clóca nó brat cosanta a chuir Aoibheall os cionn Dhubhlaing leis an osnádúir i CCT.[60] Tugtar miniú níos cuimsithí ar chomhacht

---

[55] Mar leis an sraith seo, feic supra n. 48.

[56] Todd (1867: 170.16–172.25). Is i leagan D (supra n. 21) amháin de CGG atá an chuid seo den dtéacs.

[57] ARÉ LS 707 (23 H 18), lch 91; cf. supra n. 6. Tá a mhacasamhail de chuntas ag O'Kearney (1855: 98–9) sa réamhrá a ghabhann lena eagrán de *Feis Tighe Chonáin Chinn tSléibhe*. Tá sampla den chuntas i leagan A foilsithe ag Mac Neill (1896–7: 10).

[58] Ógláchas ar rannaíocht mhór atá sa chómhrá féin, go bhfuil a seacht nó a hocht gcinn de ranna ann sna foinsí; cf. O'Kearney (1855: 100–2). Tá an dán i leagan A i gcló ag Mac Neill (1896–7: 10), ach is dóigh liom gurb é Murchadh (seachas Dubhlang) atá ag caint i ranna 2–3. Feic, leis, Goedheer (1938: 69–71) mar a pléitear cuairt Dhubhlaing agus tairngreacht Aoibheall i CCT.

[59] '… uair táinicc Aibhell Craicce Leithe chuccam aráir, ar se, ocus ro innis damh go muirfidhe mé aniú …' (Todd 1867: 200.18–20). Tá an cur síos ar Aoibheall tagaithe anuas i dtéacs Uí Chléirigh ón seachtú céad déag amháin (i.e. leagan B, supra 35). Má tá, is féidir a mheas gur mhair páirt na símhná san eachtra i gCluain Tarbh: tá cur síos ar chuairt ó 'Oebhinn' ar Bhrian sa chuntas ar an gcath in Annála Locha Cé s.a. 1014; cf. Hennessy (1871).

[60] 'Brat draoidheachta' nó fós 'niamh-bhrat draoidheachta' seachas 'féig fia' a tugtar i bhfoinsí áirithe: m.sh.: Ollscoil na hÉireann Má Nuad LS R 64(c), lch 196; Coláiste na Tríonóide LS 1414 (H.6.10), lch. 183; ARÉ 246 (24 C 14), lch 9; ARÉ 482 (23 K 43), lch 207; Coláiste na nGael An Róimh, LS 4, lch 226; Ollscoil na hÉireann Gaillimh LS de hÍde 13, lch 141; LNÉ G 161, lch 7; Coláiste Cholmáin, Mainistir

dhraíochta chlóca na símhná i bhfoinsí áirithe — ‘féig fía .i. brat do bhí aice agá mbíodh [*nó* mbeodh] an tí air a mbíodh [*nó* mbí] do-fhaicsiona’.[61] Móitíf sheanbhunaithe is ea an *féth fiad*(*a*) nó *fé fia*(*dh*) i dtéacsaí liteartha na Meán-Ghaeilge. Dob é an ‘fáeth fiada’ an t-iomann cosanta a duairt Naomh Pádraig, cuirim i gcás, chun go mbeadh sé féin agus a mhanaigh dofheicthe i láthair Loegaire mhic Néill i dTeamhair.[62] De réir an téacsa *Altram Tige dá Medar* bhí comhacht dhiamhair an chlóca úd ar cheann desna na trí buanna draíochtúla a bhronn Manannán mac Lir ar Thuatha Dé Danann, bua a choimeádfadh dofheicthe iad.[63] Fairis sin, luaitear an bua so le Tuatha Dé Danann féin in *Lebor Gabála Érenn* agus in *Táin Bó Cuailgne*.[64] Sórt ceofráin draíochta a choimeádann nithe agus daoine dofheicthe is ea an ‘fia fiad’ nó an ‘féth fia’ nó an ‘fiad (*nó* fiancruth) dráidechta’, nó fós an ‘feth fithnais(i)’ in *Acallamh na Senórach*.[65] Go deimhin, in aimsir na Sean-Ghaeilge féin dob ionann an ‘feth fia’ agus an fháistine, de dhealramh, ar fhianaise an chuntais ar stádas na ndraoithe san *Uraicecht Becc*, tráchtas dlí ar aos dána an tseanphobail Ghaelaigh.[66] Baineann an folachas le habhar sa tsampla déanach so chomh maith, gan dabht, mar nach léir teachtaireacht na fáistine gan an draoi í á tuar.[67] Cuireann an mhóitíf féin le séala na rómánsúlachta i CCT, is léir. Is fada ón eachtra

---

Fhear Maí LS 34, lch 254; ARÉ 892 (12 F 13), lch 39; LNÉ G 637, lch [62]; LNÉ G 324, lch 95; LS Harvard 12, lch 213; LNÉ G 121, lch 215.

[61] Foinsí áirithe de chuid leagan A atá i gceist anso, mar shampla: ARÉ LS 946 (23 H 15), lch 64; ARÉ LS 897 (12 F 20), lch 217; ARÉ 981 (23 N 18) lch 85; ARÉ 1132 (23 O 52), lch 124; An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath LS Feiritéar 25, lch 123; ARÉ LS 1383 (23 O 74), lch 47; ARÉ LS 505 (23 D 12), lch 279; Mainistir Chnoic Iósef Ros Cré LS 5, lch [172]; LNÉ G 63, lch 317; Aberystwyth LS A 7, lch 132; Coláiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí LS 3, lch 27; ARÉ 327 (24 C 28), lch 10; Leabharlann John Rylands Manchain LS 73, lch 10.

[62] Feic an cuntas réamhráidh Meán-Ghaoluinne ón *Liber Hymnorum* a ghabhann le hiomann Phádraig in Stokes, Strachan (1975^2: xl, 354). Tá an smaoineamh céanna go raibh comhacht ag iomann dar teideal ‘An Chaoimhe Ghamhna’ mar chlóca cosanta a choimeádfadh an té a duairt dofheicthe le fáil sa bhéaloideas a tógadh síos i dtosach na haoise seo caite; cf. *An Stoc* (Bealtaine 1924), lch 5.

[63] ‘$_7$ gach aen ler cubaidh adhba $_7$ inadh oireachais d’faghbail do Tuathaibh Dé Danann do orduigh Manannan doibh adhbha dileas gacha deighfir, $_7$ dorinneadh in feth fiadha $_7$ fleagh Goibhneann $_7$ muca Manannain dona mileadhaibh .i. in feth fiadha tar nach faici na flaithi, $_7$ fleadh Goibninn gan aeis gan urcra dona hardrighaibh, $_7$ muca Manannain re marbadh $_7$ re marthain dona mileadaibh’, in Duncan (1932: 188.15–21); cf. Arbois de Jubainville (1903: 156).

[64] Sa ghluais a ghabhann leis an dán dar tús *Tuatha Dé Danann fo diamair* in *Lebor Gabála Érenn* is iad Tuatha Dé Danann ‘gá mbaoi diamhair anfhesa co maith re ara mbiodh an feth fía’ (Macalister 1941: 220, 317). Dhiúltaigh Cú Chulainn a chairde i measc na *sídhe* a thaispeáint do Fher Diad mar dá dtaispeáinfeadh sé an ‘féth fiadha’ a bhí orthu, chaillfeadh Tuatha Dé Danann a gcomhacht speisialta; cf. TBC Stowe 100.3162–76.

[65] Feic gluais Stokes (1900: 402–3).

[66] ‘Druid .i. doniat in feth fia no in [fh]aisdinecht’ (CIH 1612.8–10; cf. 2276.38, 2328.26). Duine profaisiúnta ná raibh príbhléidí neamhspleácha iomlána sa phobal aige (*dóernemed*) ab ea an draoi (*druí*); cf. Kelly (1988: 60–1).

[67] Maidir le sanasaíocht an fhocail féin: ghlac Eoghan Ó Comhraí leis gur chruthaigh an réamhrá le hiomann Phádraig gurb ionann ‘feth’ agus ‘a poetical composition’ agus ‘fiadh (of which fiadha is the genitive case) signifies presence; but neither word, as far as I know, signifies concealing, or veiling; although that certainly must be the intended meaning of some one of them’ (O’Curry 1862: 386, n. 15). Dob ionann ‘feige’, ‘feicce’ agus barr tí nó cnoic dar le Seán Ó Donnabháin — ‘figuratively a shield, covering etc. and fia or fiadh, is a witness, or testimony, a person present and hence I conclude that feig fia may be understood to signify a “concealing of a witness or one present”’ (Ollscoil na hÉireann Má Nuad LS C 93(e), lch 25).

stairiúil i gCluain Tarbh atáimid, is fíor: is i ndomhan draíochtúil an scéil rómánsaíochta atá an cuntas próis déanach suite.

Ní mór a mheas gurb é Murchadh mac Briain thar éinne eile is tábhachtaí ar fad i CCT mar is é siúd a nascann an domhan nádúrtha, sofheicthe, agus domhan folaithe, osnádúrtha Aoibheall. Pearsa láir sa chuntas Meán-Ghaeilge ar an gcath is ea Murchadh chomh maith fé mar is léir ósna sleachta tórmaigh ann a chuireann síos ar a laochas.[68] Léiríonn an saothar céanna go raibh teangmháil idir é agus an saol osnádúrtha 'i sithaib ocus i sithbrugaib' mar ar mheall lucht sí chucu é.[69] Má tá, tógtar ar an móitíf seo i CCT — go deimhin nuair a deintear teangmháil leis an osnádúir, leanann struchtúr an scéil féin pátrún fé leith. Dírítear isteach ar Mhurchadh, cuirim i gcás, é ina chadhan aonair ar pháirc an chatha. Tárlaíonn an teangmháil osnádúrtha (le Dubhlang) agus mealltar Murchadh go dtí domhan na sí mar a mbuaileann sé le síbhean álainn (le hAoibheall). Tá pátrún den tsórt céanna le rianadh i scéal rómánsaíochta eile a bhaineann le Dál gCais, mar atá, *Díthreabhach Ghlinne an Phéice*.[70] Sa téacs úd, fágtar Murchadh ina aonar, scartha ón bhfiach, nuair a bhuaileann sé leis an Díthreabhach. Mealltar trí 'cheo draoidheachta' go dtí láthair dhiamhair ósnádúrtha é mar a bhfuil 'dún ríogha ro-áluinn, 7 baile breagh britinneach', agus is ann atá an tsíbhean is 'fearr dreach 7 dealbh 7 déanamh don drong daona'.[71] Ní hamháin gur cuid dhílis í an chuairt ar shaol osnádúrtha na sí sa dá scéal, mar sin, ach tá, fós, cosúlachta eatarthu i gcur i láthair an téama féin.

Ní hé an coidreamh osnádúrtha an t-aon mhóitíf amháin a luaitear le Murchadh i CCT. Léirítear, leis, tábhacht thobar Chluana Tarbh sa téacs agus lean an mhóitíf seo, leis, de Mhurchadh sa tréimhse iarchlasaiceach.[72] Tráchtann CCT ar an dtart míchuíosach a thagann go rialta ar Mhurchadh nach foláir do a mhúchadh le huisce thobar Chluana Tarbh. A thúisce a bhíonn ólta as an dtobar ag Murchadh, níl aon bhreith ar é a cheansú. Tagann a dhíothú, áfach, a thúisce a bhraitheann an namhaid tábhacht an tobair agus feidhm fé leith na ngardaí atá á chosaint:

> As ann sin do ghluais Dolait trí caoga air cholgaibh d'ionnsuighe na buidhne do bhí ag coimeád an tobuir 7 níorbh í sin an ionnsuighe carad uim chuirmdhig dóibhsion, óir do torc[h]ra[dh] na trí chaoga air cholgaibh do bhí mar aon ré Dolait lé cómhalltaoibh [*sic*] Mhurchaidh 7 do thuiteadar féin fá dheoig lé Dólaít 7 ag teacht do Mhurchadh d'ionnsuighe an tobuir, is amhlaidh fuair é 7 a íochtar ina uachtar 7 é líonta d'fhuil 7 d'fhollracht [*sic*] na Lochlonnach, ionnus nár bhféidir leis aon dig d'ól as ná a lámh do thumadh ann, 7 fá doilg lé Murchadh sin.[73]

Sleachta láir is ea na codacha thuasluaite seo ar fad: cuairt Dhubhlaing agus 'an féig fia ós a chionn', ról Aoibheall mar eadarghabhálaí, éifeacht na tairngreachta, gaisce

---

[68] Is é Hector na nGael é a sháraíonn Hercules agus Samson, Lugh Lámhfhada agus Conall Cearnach in éineacht; cf. Todd (1867: 166.5–12, 186.3–188.30).

[69] Todd (1867: 172.14–7).

[70] Supra n. 48. Tá eagrán de *Díthreabhach Ghlinne an Phéice* ón bhfoinse is luaithe i.e. LNA LS 36 (17ú céad), lgh 26–42, in Bruford (1968); cf. eagrán eile in Ó Gallchobhair, Ua Cuain, Mac Giolla Fhionnáin (1915: 83–9) ó Ollscoil na hÉireann Má Nuad LS M 18 (19ú céad), lgh 25–33.

[71] Ó Gallchobhair, Ua Cuain, Mac Giolla Fhionnáin (1915: 84–5).

[72] Tá a mhacasamhail le fáil, mar shampla, i ndán ón ochtú céad déag dar tús *Mo cheisd ort-sa a thréinfhir* — cómhrá idir Mhurchadh agus ríon Átha Cliath; cf. Ní Úrdail (2000a: 63, 67.13–24).

[73] ARÉ LS 707 (23 H 18), lch 92; cf. Mac Neill (1896–7: 42) mar a bhfuil a mhacasamhail de chuntas as leagan A.

Mhurchaidh agus tábhacht an tobair, toisc gur cuid láir de struchtúr an scéil iad. Níl aon amhras, áfach, mar a luadh cheana anso, ná go raibh tionchar díreach ag FFÉ ar chodacha eile nuair a tugtar iad sa chuntas: an eachtra réamhráidh i gCeann Choradh, mar shampla, agus an aird a dírítear ar neamhdhílseacht Mhaoilseachlainn do Bhrian agus do Dhál gCais.

STRUCHTÚR AGUS LEAGANACHA CCT:

Ag féachaint dúinn ar struchtúr an scéil, is léir go raibh obair eagarthóireachta ar siúl ag scríobhaithe áirithe ar an abhar. San iontráil atá ag CCT i gcatalóg Acadamh Ríoga na hÉireann, cuirim i gcás, liostáltar ansan 'variant versions' an scéil.[74] Tá na leaganacha éagsúla roinnte sa chatalóg ar bhonn na n-oscailtí deifreacha sna lámhscríbhinní, mar atá: 1) *Do ghaibh Brian Bóraimhe mac Cinnéide … ríoghacht Éireann dá bhliadhain déag*; 2) *Air mbeith do Bhrian go sona socair síothchánta i gCeann Choradh* …; 3) [*Anno Domini dá bhliadhain déag agus míle*] *sluagh le Maol Mórdha mac Murchaidh agus le Gallaibh Átha Cliath a Midhe* …; 4) *Do rinne Brian Bóraimhe sluagh Mumhan agus Connacht agus Midhe do ghairm go rabhadar a bhfoslongphort ar Ghallaibh* … . Is dóigh liom, áfach, go leanann míthuiscint áirithe den ghrúpáil seo. Is léir, nuair a scrúdaítear na foinsí féin, gurb ionann a haon agus a dó anso: níl de dheifir eatarthu ach go dtosnaíonn cuntas uimhir a dó níos sia ar aghaidh sa chuntas fé mar atá sé in uimhir a haon. Is é an dála céanna ag a trí agus ag a ceathair é: is ionann an cuntas in uimhir a trí agus a ceathair, ach go dtosnaíonn an téacs i ngrúpa a ceathair beagán an-bheag chun cinn sa chuntas fé mar atá sé i ngrúpa a trí.

Is soiléire go mór, measaim, dhá roinn a dhéanamh den abhar agus tagairt, cuirim i gcás, do leagan A (i.e. a haon agus a dó) agus do leagan B an scéil (i.e. a trí agus a ceathair). Is í an phríomhdheifir idir A agus B anso ná go bhfuil A ag tarrac go tiubh ar FFÉ — go deimhin, dob fhéidir go leanfadh an téacs in A foclaíocht Chéitinn go dílis.[75] Chuaigh scríobhaí éigin i mbun eagarthóireachta, ní foláir, ag cur tathaic le corp an scéil. Is dóigh liom, gur féidir a bheith siúrálta go maith de gurbh é Eoghan Ó Caoimh (1656–1726) an t-eagarthóir sa chás so.[76] Chuaigh an Corcaíoch so i mbun pinn sna blianta 1702–3 ar ordú ó Eoghan Baiste mac Sleighne, Easpag Chorcaí agus Chluana (1693–1712), agus chuir sé téacsaí ar fáil don Easpag sa tréimhse úd, CCT ina measc.[77] Is léir ó chóip Uí Chaoimh gur bhain sé sleachta áirithe, focal ar fhocal, as stair Chéitinn, mar atá: réimeas Bhriain Bhóraimhe mar ardrí Éireann, cúis an chatha i gCluain Tarbh, cuntas ar ar tharla tar éis bhás Bhriain Bhóraimhe, agus feillbheart Mhaoilseachlainn na Midhe.[78] Nascadh na codacha téacsa so le corp an scéil ina bhfuil tábhacht fé leith ag Dubhlang Ó

[74] RIA Cat.: Index II s.v. Cath Cluana Tairbh.

[75] i.e. FFÉ III: 256.4033–262.4141, 266.4193–272.4270 — réimeas Bhrian Bhóraimhe mar ardrí, cúis an chatha agus teacht le chéile na bhfórsaí i gCluain Tarbh; FFÉ III: 276.4370–284.4473 — na himeachta díreach tar éis an chatha.

[76] Tá cur síos ar an scríobhaí seo agus liosta a chuid lámhscríbhinní in Ó Conchúir (1982: 33–6).

[77] Coláiste Chumann Íosa Stonyhurst LS A II 20, 2 (cuid A), i bpáirt lena mhac Art. Tá CCT ar lgh 418–28 den lámhscríbhinn. Mar le Mac Sleighne, feic Ó Cónchúir (1982: 216–8).

[78] 'Trácht ar Bhrian Bhoróimhe' ar lgh 412–17.14 = FFÉ III: 234.3073–234.3693, 238.3759–240.3788, 244.3832–41, 246.3868–71, 246.3884–256.4032, 262.4137–41, 260.4095–262.4134; 'An fáth fár cuireadh cath Chluana Tairbh ann so síos' ar lgh 417.15–418.26, maraon leis an gcuntas réamhráidh i CCT ar lgh 418.27–419.4 = FFÉ III: 266.4193–270.4263). Is ionann na himeachta tar éis bháis Bhriain Bhóraimhe ar lgh 425.15–428 den lámhscríbhinn agus FFÉ III: 276.4337–286.4484.

hArtagáin, ag Aoibheall Chraige Léithe agus ag Murchadh mac Briain, — na *dramatis personae* a luadh anso anois beag. Leagan fé leith den scéal a bhí mar thoradh ar an gcóiriú seo Uí Chaoimh go dtugtar A anso air.[79]

Tá leagan B (i.e. a trí agus a ceathair) níos loime ó thaobh abhair an scéil de sa mhéid is gur mar a bheadh *in medias res* a thosnaíonn an cuntas i gcomparáid le leagan A: níl aon trácht réamhráidh i leagan B, mar shampla, ar éifeacht na bhfocal ó Ghormlaith ar a deartháir. Tosnaíonn an téacs le cur síos ar na fórsaí ag bailiú le chéile chun catha.[80] Is léir ó fhoinsí áirithe gur chuid de shraith téacsaí Muimhneacha an leagan so tráth dá raibh. Is iad na scéalta próis a bhí sa tsraith ina hiomláine ná: *Cath Cnucha*, *Cath Maighe Léana*, *Cath Maighe Mucraimhe*, *Cath Crionna*, *Caithréim Cheallacháin Chaisil* agus *Cath Cluana Tarbh*. Nascadh an díolaim téacsaí seo, dár chuid dhílis CCT, le hannála a thug tráchtas staire ó AD 174 anall go dtí AD 1138.[81] Is san iontráil annálach dheireanach don bhliain seo a mínítear gur maraíodh Rí Deasmhumhan, Cormac Mac Cárthaigh, 'i bhfeill' ar ordú Thoirdhealbhaigh Uí Bhriain, leath-rí Thuamhan:

> Cormac mac Muireadhaig mheig Carrthaigh mheic S[h]aorbhreathaigh 7 Toirdhealbhach Ó Bríain a ccoimhf[h]laitheas fris seacht mbliadhna 7 Cormac do m[h]arbhadh a Muigh Tamhnach le Díarmoid sūgach Ō Conchubhair ar fhurá[i]liomh Thoirdhealbhaigh hĪ Bhriain a bhfeill anno domini ocht mbliadhna déag ar sé 20 ar mhíle.[82]

Ní haon léiriú rómholtach ar Dhál gCais an clabhsúr so, dar ndóigh, agus tugann sé chun cuimhne an gníomh a dheimhneodh an namhadas a lean idir na Cárthaigh agus na Brianaigh sa Mhumhain. Dá chionn san, is féidir a mheas gur ar mhaithe leis na Cárthaigh a teaglamaíodh an buntráchtas staire féin.[83] Níor tugadh taitneamh don léiriú diúltach úd ar na Brianaigh, áfach, agus cuireadh annála breise lena bhfuil thuas atá tagaithe anuas i naoi gcinn de lámhscríbhinní ón ochtú agus ón naoú céad déag.[84] Tráchtann na hannála so ar AD 1168 nuair a dhein rí Mumhan de Dhomhnall Mór Ó Briain (*ob*. 1194), agus ar AD 1210 nuair a thosnaigh tréimshe ghlóir-réimeach a mhic, Donnchadh Cairbreach (*ob*. 1242), mar rí ar Thuamhain:

> Do ghabh Dómhnall mhór mhic Toirdhealbhach mic Diarmada mic Toirdhealbhaigh mic Taidhg mic Briain Bhóraimhe árdcheannas Leatha Mogha 7 asé do thóg ocht mainisdreacha déag san Múmhain. 7 thug fód re holtóir dóibh. Is é do thógabh coislean dubh Átha Dara 7 an Halla etc.

---

[79] Luadh thuas (n. 9) gur chuir Mac Neill (1896–7) sampla de leagan A i gcló.
[80] Tá cur síos ar leagan B in Ní Úrdail (1993: 183–90).
[81] Flower (1926: 395–6).
[82] ARÉ LS 152 (23 K 37), lch 172; cf. ATig., Misc. Ir. Ann., AFM s.a. 1138. Is sa lámhscríbhinn seo agus i Leabharlann na Breataine LS Egerton 106 (f. 132v) atá na cóipeanna is luaithe a sholáthraíonn na hannála féin, an iontráil annálach thuas ina measc. Dob é Seon Mac Solaidh a scríbh sa dá chás 'a mBaile Hardaman', Co. na Mí, 1715–6; cf. RIA Cat.: 433–8 agus Flower (1926: 329–41) fá seach.
[83] Flower (1926: 397).
[84] LS Gaeilge i seilbh Chnoc Naomh Alphonsus, Luimne, lch 148 (Ciarraí, 1731–2, luaite thíos n. 85); Ollscoil Learphoill LS 12029 M (Ciarraí, 1770), lch 301; Ollscoil na hÉireann Má Nuad LS C 25a (Luimne, 1773), lgh 61–2; Leabharlann na Breataine LS Egerton 150 (Luimne, 1773–4), fol. 140r; LNÉ LS G 22 (Tiobraid Ára, 1773), lch 141; NLÉ LS G 193 (An Clár, ca 1774), lch 85; Ó Riain LS (Corcaigh, 1775), lch 131; ARÉ LS 816 (24 L 21) (Luimne, 1811–2), lch 275. Is amhlaidh atá in Ollscoil na hÉireann Gaillimh LS de hÍde 13 (An Clár, 1809–12), lch 150, ach gur cóip de *leagan A* atá sa téacs féin.

> Do ghabh Don[n]chadh Cairbreach mic Dómhnaill mhóir flathas Tuamhúmhan, 7 asé do thóg mainisdir D[h]onnca[i]dh C[h]airbricc a Luimineach.[85]

Gabhann an dáta éagórach, AD 1178, áfach, leis an gcuid bhreise seo téacsa sna lámhscríbhinní ar fad.

Ar a shon san, ní i gcónaí a tugtar na hannála so sna lámhscríbhinní, ná ní mó ná san a tugtar na téacsaí próis eile i gcónaí. Go deimhin, níl ach sliocht an-bheag a chuireann síos ar imeachta a tharla AD 1013 sa chóip is luaithe de leagan B, mar shampla, ARÉ LS 707 (23 H 18) a scríbh Liam (An Dúna) Mac Cairteáin sna blianta 1701–2.[86] Ón uair go dtosnaíonn an téacs le himeachta ón mbliain 'dá bhliadhain déag agus míle' (grúpa a trí i liosta oscailtí CCT thuas), dob fhéidir a mheas, fé mar a mheas catalógaí an Acadaimh Ríoga, gur malairt leagain atá sa téacs so. Ní hamhlaidh é, áfach, toisc go leantar le himeachta ag tosnú le 'Dorinne Brian Bóraimhe sluagh Mumhan agus Connacht agus Midhe do ghairm go rabhadar a bhfoslongphort ar Ghallaibh' (grúpa a ceathair thuas).

Tá colafan i dhá chóip ó thús na hochtú haoise déag a thugann teaglamaí (an bunteaglamaí féin, b'fhéidir) agus dáta an tráchtais staire Mhuimhnigh seo:

> Ag sin foras feasa c[h]loinne Míleadh Easpáine 7 ar g[h]abh lānrīghe Ēireann dīobh 7 rīghe dhā chōigeadh Mumhan fo leath. Sgriptum per mé Eugenium Carthi a mBaile an Oiléin aedibus Domini Tadei Deirmisi Cormaci Carti an[n]o domini 1648 undesimoque Januarii.[87]

Más ionann Baile an Oileáin anso agus Oileán Ciarraí, dob fhéidir a mheas, fé mar a thuairimigh Robin Flower, gur de Chárthaigh Chois Mainge an scríobhaí agus a phátrún.[88] Tá fianaise sheachtrach ann a chuireann leis an dtuairim seo: ní foláir nó is ionann an Tadeus Deirmisi Cormaci Carti sa cholafan anso agus 'Teige M'Dermod M'Cormac' go raibh tiarnas Chois Mainge aige de réir fhéilire *Patent Rolls* Eilíse don bhliain 1589.[89] Fuair an Tadhg so bás in Achadh Dá Eo sa bhliain 1581 nuair a sheas sé le hIarla Deasmhumhan i gcoinnibh ardtiarnas Mhic Cárthaigh Mhóir agus na Sasanach.[90] D'éag a mhac, Cormac, sa bhliain 1589.[91] I gceathrú dhéanach na séú haoise déag, mar sin, a bhí *floruit* Thaidhg mhic Dhiarmada mhic Chormaic atá luaite sa cholafan thuas.

---

[85] Is í LS Gaeilge i seilbh Chnoc Naomh Alphonsus, Luimne, lch 148, an tsolaoid is luaithe atá tagaithe anuas den bhforlíonadh annálach so. Seamus mhac Uilliam (Séamus mhác Uilliam, James Fitz Williams) a bhreac an tráchtas staire Muimhneach ar fad atá ar lgh 5–181 den lámhscríbhinn seo, 1731–2, agus ar fhianaise nótaí imill ba i gCiarraí a teaglamaíodh í. Tá mo bhuíochas ag dul don Ollamh Gearóid Mac Eoin a chuir an lámhscríbhinn seo ar na súilibh dom roinnt bhlianta ó shoin.

[86] Supra n. 6.

[87] ARÉ LS 152 (23 K 37), lch 172. Tá a mhacasamhail i Leabharlann na Breataine LS Egerton 106, f. 132v; cf. supra n. 82.

[88] Flower (1926: 397). Feic *An Leabhar Muimhneach* (Ó Donnchadha [1940]: 209–10) mar a ríomhtar ginealach an tsleachta so siar go dtí Eoghan Bhuird Mhainge, tríú mac Chormaic Mhic Chárthaigh Mhóir, rí Deasmhumhan (1325–59); cf. FFÉ IV: 15 agus McCarthy (1922: 265–77).

[89] Morrin (1862: 170).

[90] AFM s.a. mar a ndeirtear gurbh ó Mhagh Laithimh do Thadhg. Tá nóta ag Seán Ó Donnabháin a ghabhann leis an logainm féin: 'Lahiff's plain, now Molahiff, a townland in which stood a castle belonging to a respectable sept of the Mac Carthys, situated near the village of Castlemaine, in the barony of Magunihy, and county of Kerry' (AFM s.a. 1581, nóta e). Trí cinn de chaisleáin ar fad a bhí ag Cárthaigh Chois Mainge: Cluain Maoláin, Na Foidhrí agus Magh Laithimh; cf. Bary (1994: 80–1, 114, 184).

[91] AFM s.a.

An amhlaidh, más ea, a bhí teaglamaí an chnósaigh phróis agus annála, Eoghan Mac Cárthaigh féin, b'fhéidir, ag tarrac airde ar thréimhse ghlórmhar na gCárthach a bhí aontaithe tráth dá raibh i gcoinnibh a naimhde traidisiúnta, Brianaigh Dhál gCais? Ní miste cuimhneamh air, cuirim i gcás, ná raibh aontas ann i measc na gCárthach i ndeireadh an tséú céad déag: luadh thuas gur bhris brainse Chois Mainge fé Thadhg mac Diarmada óna n-ardtiarna, Mac Cárthaigh Mór, in éirí amach Deasmhumhan agus fuair Tadhg bás dá bharr sa bhliain 1581. Ní mó ná san a bhí aontas sochpholaitiúil sa tír trí chéile isteach sa tseachtú céad déag, in aimsir Eoghain Mhic Cárthaigh féin. Is é easaontas mhuintir na hÉireann (idir Ghaeil agus Shean-Ghaill) i gcoinnibh a naimhde ba chás, gan dabht, leis an bhfilíocht pholaitiúil a bhí á cumadh idir 1640 agus 1660.[92] Go deimhin, ba mhór ba chás le Seán Ó Conaill (fl. 1650) ó Uíbh Ráthach 'Mac Cárrtha Mór is a shliocht i n-aonacht' sa dán polaitiúil cáiliúil úd 'Tuireamh na hÉireann'.[93] Anchás Mhic Cárthaigh Mhóir, a 'thriath saolta', a bhí á chaoineadh ag an bhfile anso, maraon le díbirt shliocht na gCárthach go léir, 'Tiarna Choise Mainge na méithbhreac', Tadhg mac Diarmada féin, ina measc.[94] Dhá shaothar chomhaimseartha, tráchtas staire agus dán polaitiúil, ar son Chárthaigh Deasmhumhan atá anso, mar sin, gurb é an t-easaontas sochpholaitiúil is comhthéacs dóibh araon.

Is dóigh liom gur mó fós de dhealramh atá leis an dtuairim gur de Chárthaigh Chois Mainge an teaglamaí nuair a cuirtear teideal fhoinse an tráchtais staire féin sa mheá. Tugaim anso an teideal ó lámhscríbhinn a scríbh Séamus mhac Uilliam ó Chiarraí:

> Aig sin Forus Feasa s[h]leachta Mhílidh Easbáinne et ar ghabh lánrígh Éireann díobh, et righe dá chóige Mumhan fo leith. Arna cur dá sgríobha le Séamus mhác Uilliam as an leabhar ré ráidhtear Leabhar Gearr na Pailíse a mbliaghain d'aois Chríost míle seacht ccéad et bliaghain ar thriochad.[95]

Baile fearainn darb ainm An Phailís i gCiarraí atá i gceist anso, is cosúil, mar is ansan a bhí caisleán tráth ag na Cárthaigh.[96] Bhí cur amach ag Edward Lluyd ar 'Leabhar Gearr na Pailíse' — luaigh sé é i measc lámhscríbhinní go raibh fáil in Éirinn orthu ina shaothar *Archaeologia Britannica* (1707).[97] Foinse ab ea í go raibh fáil forleathan ag scoláirí na

---

[92] Feic O'Rahilly (1952) mar a bhfuil tagairtí díreacha don easpa aontachta agus dílseachta sna dánta polaitiúla so a leanas: *Do fríth, monuar, an uain si ar Éirinn*, ll 137–40, 151–2; *Innisim fís is ní fís bhréige í*, ll 239–58; *Is buartha an cás so 'dtárlaig Éire*, ll 244–59; *An uair smaoinim ar shaoithibh na hÉireann*, ll 357–69, 456. Thagair Séamas Carthún don ní céanna ina dhán 'Deor-chaoineadh na hÉireann', ll 109–17 (Mhág Craith 1967: 254).

[93] O'Rahilly (1952: 50–82).

[94] O'Rahilly (1952: 77–8, ll 401–18).

[95] LS Gaeilge i seilbh Chnoc Naomh Alphonsus, Luimne, lch 150; cf. supra n. 85.

[96] Bhí caisleán na Pailíse suite siar ó thuaidh ó Loch Léin in aice le Lios an Phúca agus sheas sé go dtí an bhliain 1837; cf. cuntas Sheáin Uí Dhonnabháin in AFM s.a. 1510, nóta x. Is deacair dom, dá réir sin, géilleadh don nóta a scríbh Andrew Coltee Ducarel sa bhliain 1774 a deir gurb é 'Palles, near Cashell, in the County of Tipperary' (NLI Cat. II: 14) atá i gceist; cf. infra n. 97. Bhí 'Leabhar Gearr na Pailíse' ar coimeád i gCaiseal Mumhan sa bhliain 1774 de réir an nóta chéanna, agus an-sheans gur spreag san Ducarel a mheas gur ón bPailís i dTiobraid Ára don lámhscríbhinn. Tá an nóta úd ar leathanach i LNÉ LS G 22, cóip den 'Leabhar Gearr' i láimh Thomáis Uí Shúilleabháin ó Chiarraí a scríbh sé i gCaiseal Mumhan sa bhliain 1774; cf. NLI Cat. II: 13–8 mar a bhfuil cuntas ar an lámhscríbhinn.

[97] Harrison (1988: 74); cf. Harrison (1984: 175–7). Díol suime is ea an tagairt don 'old booke called the book of Palle[ ]ch' i leitir dar dáta 16 Aibreán 1719 ó 'Tho' O Duinn' i gCaiseal Mumhan go dtí Thomas O'Sullivan i Londain (Wood 1926: 141). Más ionann an seanleabhar anso agus 'Leabhar Gearr na Pailíse',

hochtú haoise déag uirthi agus tá seacht gcinn de lámhscríbhinní ar fad ón dtréimhse 1725–74 gurbh é 'Leabhar Gearr na Pailíse' eiseamláir a n-abhair.[98] Agus cé ná fuil tagairt dhíreach don 'Leabhar Gearr' i bhfoinsí eile, is féidir a mheas gur tháinig an t-abhar iontu go díreach nó go hindíreach ón lámhscríbhinn chéanna.[99]

Tugaimis, mar sin, na duala éagsúla eolais seo ar fad atá againn le chéile is féidir a áiteamh mar gheall ar leagan B de CCT: cuid de chnósach téacsaí agus annála i bhfoinse dar teideal *Leabhar Gearr na Pailíse* ab ea é tráth dá raibh. Teaglamaíodh an cnósach ar mhaithe leis na Cárthaigh i gcéaduair agus ba de Chárthaigh Chois Mainge an bunteaglamaí. Tá an-sheans ann, go deimhin, gurbh é Eoghan Mac Cárthaigh a chuir an obair seo i gcrích sa bhliain 1648 agus go raibh sé fé anáil Sheathrún Chéitinn sa ghnó so. Abhar suime is ea é, mar shampla, gur thug an teaglamaí 'foras feasa chloinne Míleadh Easpáine $_7$ ar ghabh lánríghe Éireann díobh $_7$ ríghe dhá chóigeadh Mumhan fo leath'[100] ar a chuid oibre. An amhlaidh atá tagairt chliathánach anso againn d'fhoras feasa níos cáiliúla fós — do *Foras Feasa* Sheathrún Chéitinn féin?[101] Is tábhachtaí fós, áfach, an fhianaise théacsúil i leagan B de CCT féin: luaitear ann an socrú cealgach úd Mhaoilseachlainn le naimhde Bhriain Bhóraimhe an oíche roimis an gcath; agus tá leis ann an tuairisc ó Mhaoilseachlainn, an finné, ar na huafáis a chonaic sé sa chath.[102] Tá foclaíocht na tuairisce seo an-chosúil ar fad lena macasamhail in FFÉ.

LEABHAR OIRIS:

Tá foinse eile ann ón ochtú agus ón naoú céad déag ina bhfuil cur síos ar an gcath i gCluain Tarbh, foinse dar teideal *Leabhar Oiris* (LO).[103] Saothar is ea é atá tagaithe anuas i lámhscríbhinní iarchlasaiceacha amháin. Cogaí Bhriain Bhóraimhe ó AD 976 (= 980, AU) go dtína bhás príomhchúram LO, ach go leantar le hannála anuas go dtí AD 1027. Tráchtas Muimhneach é, gan dabht, ach más ea, ní fios go díreach cathain a cuireadh le chéile é. Murab ionann agus eachtraíocht thaibhseach an scéil CCT, níl aon trácht in LO ar mhóitíf an tobair, ná ar Aoibheall, agus cé go bhfuil páirt ag Dubhlang Ó

---

bhí an lámhscríbhinn féin i gCaiseal Mumhan i bhfad roimh 1774 (supra n. 96). Cé nárbh eol do Wood (1926: 147) ná d'Ó Murchadha (1982: 65) a leithéid de leabhar a bheith ann, bhíodar araon den dtuairim gur dócha gurbh í an Phailís i gCiarraí a bhí i gceist sa teideal.

[98] Coláiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí LS 22a (Corcaigh, 1725), lch 343; LS Gaeilge i seilbh Chnoc Naomh Alphonsus, Luimne (Ciarraí, 1731–2), lch 150; Ollscoil Learphoill LS 12029 M (Ciarraí, 1770), lch 305; ARÉ LS 897 (12 F 20) (Luimne, 1773), lch 118; Ollscoil na hÉireann Má Nuad LS C 25a (Luimne, 1773), lch 64; LNÉ LS G 22 (Tiobraid Ára, 1773), lch teidil; LNÉ LS G 193 (An Clár, ca 1774), lch 88.

[99] ARÉ LS 152 (23 K 37) (An Mhí, 1714–8); Leabharlann na Breataine LS Egerton 106 (An Mhí agus Baile Átha Cliath, 1715–7); Coláiste na Tríonóide LS 1289 (H.1.15) (Baile Átha Cliath, 1729–45); ARÉ LS 619 (D iii 2) (Baile Átha Cliath?, 1746); LNÉ LS G 147 (Baile Átha Cliath?, 1766); Coláiste na Tríonóide LS 1329 (H.3.10) (Baile Átha Cliath?, ca 1766); Leabharlann na Breataine LS Egerton 150 (Luimne, 1773–4); Ó Riain LS (Corcaigh, 1775); ARÉ LS 816 (24 L 21) (Luimne, 1811–2); Ollscoil na hÉireann Gaillimh LS de hÍde 15 (Tiobraid Ára, 1819–21); Ollscoil na hÉireann Má Nuad LS R 70 (An Clár, 1828); Leabharlann John Rylands Manchain LS 95 (1843); Leabharlann John Rylands Manchain LS 67 (Ros Comáin, 1853); Coláiste na hOllscoile Corcaigh LS 5(g) (gan log ná dáta). Is ceart Ollscoil na hÉireann Gaillimh LS de hÍde 13 (An Clár, 1809–12) a lua, leis, anso cé gurb é leagan A de CCT atá sa bhfoinse seo (supra n. 84).

[100] Supra n. 87.

[101] Cf. Flower (1926: 397).

[102] Supra n. 36.

[103] Feic eagrán Best (1904). Tá ar a laghad dhá lámhscríbhinn fhichead tagaithe anuas chugainn ina bhfuil LO (nó cuid de).

hArtagáin sa téacs, níl an cómhrá véarsaíochta úd ann idir é féin, Murchadh agus Aoibheall, fé mar atá i CCT, ná níl aon trácht ar mhóitif an tobair ann. Is lú go mór blas rómánsúil chuntas LO dá réir. Ar a shon san féin, tá sleachta áirithe a baineadh as LO le fáil i CCT in ARÉ LS 211 (23 G 20) más é leagan A atá sa bhfearasbarr.[104] Is é Mícheál Óg Ó Longáin[105] a chuir an téacs ar fáil chun a 'úsáide féin' sa bhliain 1793.

Dob fhéidir leagan Uí Longáin a bhaisteadh ar an dtreas leagan so de CCT agus is i láimh an teaghlaigh bhisiúil seo Uí Longáin atá formhór na seacht gcóipeanna atá ar fáil inniu.[106] Léiríonn an téacs so, leis, ar ilghnéitheacht thraidisún seachadta CCT. Ar chuma Eoghain Uí Chaoimh a chuir obair eagarthóireachta i gcrích i mblianta tosaigh na hochtú haoise déag a thug an leagan de CCT gur tugadh A anso air, shnímh Mícheál Óg Ó Longáin duala breise eile as LO isteach sa téacs i ndeireadh na haoise céanna — nuair a bhí an traidisiún agus ar ghoibh leis fós suas.

CLABHSÚR:

Dírím aird ar thrí cinn de phointí mar fhocal scoir anois: ar an gcéad dul síos ag féachaint go diacronach dúinn ar an scéal próis, níl aon amhras ná go raibh tábhacht nach beag ag FFÉ ar an gcóiriú a deineadh air. Bhí Seathrún Céitinn ag tarrac as CGG, gan dabht, ach chuaigh tuiscintí Bhéarlóirí ar an eachtra stairiúil i bhfeidhm ar a chuntas chomh maith, ní foláir. Ar an dara dul síos, taispeáineann an leagan gur tugadh B anso air gur chuid thábhachtach de staireaghrafaíocht na Mumhan sa tseachtú haois déag CCT féin. Agus, ar an dtreas dul síos, tugann abhar an scéil féin léargas tábhachtach dúinn ar chur chuige agus ar mhodheolaíocht na scríobhaithe a bhreac. Cuid dhílis dá ngnó ab ea an eagarthóireacht agus an t-oiriúnú agus leanadh de líomhadh an abhair isteach sa naoú céad déag. Traidisiún ilghnéitheach téacsúil atá anso againn, más ea. Má fhágann corp an scéil séaladh na rómánsaíochta ar CCT, níl aon amhras ná go raibh athchruthú ar bun, leis, ar an abhar agus athchruthú á dhéanamh ar an athchruthú san féin.

[104] Tá CCT ar lgh 215–20, 223 sa lámhscríbhinn (RIA Cat.: 541–59). Is ionann tosach CCT in ARÉ LS 211 (23 G 20), lch 215.1–11 agus LO: 83.10–84.1, agus is ionann lch 220.6–29 agus LO: 89.4–91.2.

[105] Feic Ó Conchúir (1982: 91–133); cf. Ní Úrdail (2000b: 43–99).

[106] Lámhscríbhinní Longánacha: Ollscoil na hÉireann Má Nuad LS M 21 (1817), lgh 147–62; ARÉ LS 204 (E vi 3) (1819), lgh 1–38; Harvard LS 12 (1827–8), lgh 208–20; LNÉ G 121 (gan dáta), lgh 209–23; LNÉ G 96 (blogh gan dáta), lgh 69–[70]. Is é Tadhg Ó Conaill a scríbh CCT i Coláiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí LS 34 (1816–7), lgh 250–9 agus in Ollscoil na hÉireann Má Nuad LS M 67 (1818), lgh 217–29. Is mó fós an t-abhar as LO atá i dtosach téacs ARÉ LS 204 (E vi 3) i láimh Phóil Uí Longáin: LS lgh 1–13.9 = LO: 78.1–84.1.

NODA

AFM	John O'Donovan, *Annála ríoghachta Éireann* : *Annals of the kingdom of Ireland by the Four Masters*, *from the earliest period to the year 1616* I–VII (Dublin 1848–51)
ARÉ	Acadamh Ríoga na hÉireann
AU	W.M. Hennessy, *Annála Uladh* : *Annals of Ulster* I–IV (Dublin 1887–1901)
ATig.	Whitley Stokes, 'The annals of Tigernach', *Revue Celtique* 16 (1895), 374–419; 17 (1896), 6–33, 119–263, 337–420; 18 (1897), 9–59, 150–97, 267–303, 374–90
CIH	Daniel A. Binchy, *Corpus iuris hibernicii* (Dublin 1978)
FFÉ	David Comyn, Patrick S. Dinneen, *Foras feasa ar Éirinn le Seathrún Céitinn*, *D.D.* : *The history of Ireland by Geoffrey Keating*, *D.D.* I–IV. Irish Texts Society 4, 8, 9, 15 (Dublin 1902–14)
LNA	Leabharlann Náisiúnta na hAlban
LNÉ	Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
NLI Cat.	Nessa Ní Shéaghdha, Pádraig Ó Macháin, *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, fasc. I–XIII (Dublin 1967–96)
Misc. Ir. Ann.	Séamus Ó hInnse, *Miscellaneous Irish annals* (Dublin 1947)
Ó Riain LS	Lámhscríbhinn i seilbh an Ollaimh Pádraig Ó Riain, Corcaigh
RIA Cat.	Thomas F. O'Rahilly, Kathleen Mulchrone, *et al.*, *Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy* (Dublin 1926–58, 1970)
TBC Stowe	Cecile O'Rahilly, *The Stowe version of Táin Bó Cuailgne* (Dublin 1978)

LEABHARLIOSTA

Abbott, T.K., 1900: *Catalogue of the manuscripts in the library of Trinity College*, *Dublin*. Dublin.

Abbott, T.K., Gwynn, E.J., 1921: *Catalogue of the Irish manuscripts in the library of Trinity College*, *Dublin*. Dublin.

Bary, Valerie, 1994: *Historical*, *genealogical*, *architectural notes of some houses of Kerry*. Clare.

Best, Richard Irvine, 1904: 'The Leabhar Oiris', *Ériu* 1, 74–112.

Brewer, J.S., Bullen, William, 1871: *Calendar of the Carew manuscripts preserved in the Archiepiscopal Library at Lambeth* V. London.

Bruford, Alan, 1968: 'Murchadh mac Briain agus an díthreabhach', *Éigse* 12, 301–36.

—, 1969[2]: *Gaelic folk-tales and mediaeval romances*: *a study of the Early Modern Irish* '*romantic tales*' *and their oral derivatives*. Dublin.

Buttimer, Cornelius G., 1989: *Catalogue of Irish manuscripts in the University of Wisconsin-Madison*. Dublin.

Cronin, Anne, 1943–4: 'The sources of Keating's 'Foras Feasa ar Éirinn': the printed sources', *Éigse* 4, 235–79.

de Brún, Pádraig, 1988: *Lámhscríbhinní Gaeilge*: *treoirliosta*. Baile Átha Cliath.

Arbois de Jubainvillle, Henry d', 1903: *The Irish mythological cycle*. London.
Duncan, Lilian, 1932: 'Altram Tige dá Medar' *Ériu* 11, 184–225.
Flower, Robin, 1926: *Catalogue of Irish manuscripts in the British Library* [*formerly British Museum*] II. London.
Freeman, A. Martin, 1922: 'Crónán na bó,' *Journal of the Irish Folksong Society* 19, 13–5.
Goedheer, A.J., 1938: *Irish and Norse traditions about the battle of Clontarf*. Haarlem.
Harrison, Alan, 1984: 'Who wrote to Edward Lhwyd?', *Celtica* 16, 175–8.
—, 1988: *Ag cruinniú meala*. Baile Átha Cliath.
Hennessy, William M., 1871: *The Annals of Loch Cé. A chronicle of Irish affairs from A.D. 1014 to A.D. 1590*. London.
James, M.R., 1927: 'The Carew manuscripts', *The English Historical Review* 42, 261–7.
Kelly, Fergus, 1988: *A guide to Early Irish law*. Dublin.
Macalister, R.A. Stewart, 1941: *Lebor gabála Érenn. The book of the taking of Ireland* IV. Irish Texts Society 41. London.
Mac Carthy, Rev. Bartholomew, 1892: 'The Codex Palatino-Vaticanus, No. 830', *Todd Lecture Series* 3, 3–36.
Mac Neill, John, 1896–7: 'Cath Cluana Tairbh', *Irisleabhar na Gaedhilge* 7, 8–11, 41–4, 55–7.
McCarthy, Samuel Trant, 1922: *The MacCarthys of Munster*. *The story of a great Irish sept*. Dundalk.
Mhág Craith, Cuthbert, 1967: *Dán na mBráthar Mionúr* I. Baile Átha Cliath.
Morrin, James, 1862: *Calendar of patent and close rolls of chancery in Ireland from the 18th to the 45th of Queen Elizabeth*. Dublin.
Ní Mhaonaigh, Máire, 1992: 'Bréifne bias in *Cogad Gáedel re Gallaib*', *Ériu* 43, 135–58.
—, 1995: '*Cogad Gáedel re Gallaib*: some dating considerations', *Peritia* 9, 354–77.
—, 2002: 'Tales of three Gormlaiths in medieval Irish literature', *Ériu* 52, 1–24.
Ní Shéaghdha, Nessa, 1989: 'Irish scholars and scribes in eighteenth-century Dublin', *Eighteenth-century Ireland. Iris an dá chultúr* 4, 41–54.
Ní Úrdail, Meidhbhín, 1993: 'Cath Chluana Tarbh', in Martin Rockel, Stefan Zimmer, *Akten des ersten Symposiums deutschsprachiger Keltologen*: (*Gosen bei Berlin*, *8.–10. April*), 183–98. Tübingen.
—, 1996: 'Oralisierung: Der Fall der Handschrift RIA 12 Q 13', in Hildegard L.C. Tristram, (*Re*)*Oralisierung*, 263–82. Tübingen.
—, 2000a: 'Dán ar Mhurchadh mac Briain Bhóraimhe agus Ríoghain Átha Cliath', *Éigse* 32, 59–76.
—, 2000b: *The scribe in eighteenth- and nineteenth-century Ireland: motivations and milieu*. Münster.
Nic Fhachtna, Síle, 1940: 'Lámhsgríbhinn de chuid Phroinnséis Uí Chatháin', *Éigse* 2, 278–83.
Nilsen, Kenneth E., 1991: 'Mícheál Ó Broin agus lámhscríbhinní Gaeilge Ollscoil Wisconsin', *Celtica* 22, 112–8.
Ó Briain, Máirtín, 1999: '*Créacht do dháil me im árthach galair* agus baisteadh Oisín', *Éigse* 31, 60–72.
Ó Conchúir, Breandán, 1982: *Scríobhaithe Chorcaí 1700–1850*. Baile Átha Cliath.

—, 1991: *Clár lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Ollscoile Chorcaí*: *cnuasach Uí Mhurchú*. Baile Átha Cliath.
Ó Cuív, Brian, 1965: 'A seventeenth-century criticism of Keating's 'Foras Feasa ar Éirinn', *Éigse* 11, 119–40.
O'Curry, Eugene, 1862: 'The "Tri thruaighe na scéalaigheachta" (i.e. the "three most sorrowful tales") of Erinn I. "The exile of the children of Uisneach" (edited from the old MS. called the "Yellow Book of Lecan" [col. 749–53] in the library of Trinity College, Dublin)', *Atlantis* 3, 377–422.
Ó Donnchadha, Tadhg, [1940]: *An Leabhar Muimhneach maraon le suim aguisíní*. Baile Átha Cliath.
Ó Gallchobhair, T., Ua Cuain, Pádraig, Mac Giolla Fhionnáin, Tadhg, 1915: *Gadaidhe Géar na Geamhoidhche*. Baile Átha Cliath.
O'Grady, Standish H., 1857: 'Toruigheacht Dhiarmuda agus Ghrainne' in *Transactions of the Ossianic Society* 3.
Ó hAnnracháin, Stiofán, 1979: *Go Meiriceá siar. Na Gaeil agus Meiriceá: cnuasach aistí*. Baile Átha Cliath.
O'Kearney, Nicholas, 1855: 'Feis Tighe Chonáin Chinn-shléibhe' in *Transactions of the Ossianic Society* 2.
Ó Lochlainn, Colm, 1931: 'Ceist agus freagra', *The Irish Booklover* 19, 69.
Ó Madagáin, Breandán, 1974: *An Ghaeilge i Luimneach 1700–1900*.
Ó Murchadha, Diarmuid, 1982–3: 'Select documents XXXVI: is the O'Neill–MacCarthy letter of 1317 a forgery?', *Irish Historical Studies* 23, 61–7.
O'Rahilly, Cecile, 1952: *Five seventeenth-century political poems*. Dublin.
Ó Súilleabháin, Eoghan, 1992: 'Scríobhaithe Phort Lairge 1700–1900', in William Nolan, Thomas P. Power, *Waterford: history and society*, 265–308. Dublin.
Ó Sé, Seán, 1970: 'Pádraig Feiritéar (1856–1924): a shaol agus a shaothar', *Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society* 3, 116–30.
Power, Rev. Patrick, 1904–5: 'Irish MSS. in Waterford', *Irisleabhar na Gaedhilge* 14, 647–9, 692–5, 707–9, 728–9.
Risk, May, 1975: 'Seán Ó Neachtain' *Studia Hibernica* 15, 47–60.
Ryan, John, 1938: 'The battle of Clontarf', *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 68, part 1, 1–50.
—, 1967: 'Brian Boruma, king of Ireland', in Etienne Ryan, *North Munster Studies*: *essays in commemoration of Monsignor Michael Moloney*, 355–74. Limerick.
Stokes, Whitley, 1900: *Acallamh na Senórach*. Irische Texte 4, iml. 1. Leipzig.
Stokes, Whitley, Strachan, John, 1975[2]: *Thesaurus Palaeohibernicus. A collection of Old-Irish glosses, scholia and verse* II. Dublin.
Todd, James Henthorn, 1867: *Cogadh Gaedhel re Gallaibh*. *The war of the Gaedhil with the Gaill*, *or the invasions of Ireland by the Danes and other Norsemen*. London.
Ua Laoghaire, Peadar, 1910[2]: *Niamh*. Baile Átha Cliath.
Waitz, Edente G., 1844: 'Mariani Scotti Chronicon', *Monumenta Germaniae Historica* 5, 481–564.
Ware, Sir James, 1633: *The history of Ireland*, *collected by three learned authors*. Dublin.
Wood, Herbert, 1926: 'Letter from Domnal O'Neill to Fineen MacCarthy, 1317', *Proceedings of the Royal Irish Academy* 37, C, No. 7, 141–48.